



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Ráiteas
Straitéise
2014 » 2016

Réamhrá ón Chathaoirleach agus ón Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá áthas orainn an ceathrú Ráiteas Straitéise de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i láthair don tréimhse idir 2014 agus 2016.

Tá cúrsaí eacnamaíochta ag feabhsú le tamall agus dá bharr sin táthar ag súil go méadóidh an t-éileamh do thallann i scileanna éagsúla agus sa mhéid sin tá sé beartaithe ag an Ráiteas Straitéise seo cur le cumas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus an eagraíocht a lonnú mar chéad rogha mar sholáthraí earcaíochta agus foinisithe do sheirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí.

Tá an ráiteas straitéise seo tráthúil mar tar éis cúpla bliain dheacair don tír, cuireann sé ar chumas PAS córas níos simplí a chur i bhfeidhm chun caighdeán nua a bhaint amach maidir le foinsiú, measúnú, soláthar agus gluaiseacht daoine agus iarrthóirí maithe chuig ról níos casta do chliaint éagsúla i seirbhís phoiblí atá ag éirí níos comhtháite.

Taobh thiar den straitéis sin tá tréithe tábhachtacha bríocha. Leagann sé amach creat spriocanna feidhmíochta agus torthaí lena chinntiú go bhfuil comhthuisicint againn ar ár n-aidhmeanna maidir le cad is ciall le rath. Tugann sé teimpléad chun gníomhaíochtaí pleanála gnó a threorú agus a chur chun cinn i ngach príomh-réimse agus é beartaithe againn sár-thorthaí a bhaint amach dár gcliaint.

Bunófar ár rath amach anseo ar dhíriú níos mó ar nuálaíocht agus ar fhoghlaim, ar bheith níos solúbtha, níos freagrúla agus níos gairmiúla agus díreofar go háirithe ar fheabhas agus éifeachtúlacht maidir le gach rud a dhéanaimid.

Tá muid ag tnúth le bheith ag obair leis an fhoireann bhainistíochta agus le Bord PAS, le gach ball foirne de chuid PAS, agus go háirithe lenár gcliaint chun na príomh-spriocanna in ár Ráiteas Straitéise nua a sholáthar.

Fiona Tierney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus
Eddie Sullivan, Cathaoirleach Bhord PAS.



Fís

A bheith mar chéad rogha mar sholáthraí earcaíochta agus foinsithe do sheirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí.

Comhthéacs agus Deiseanna

<p>Eacnamaíocht</p>	<p>Tá comharthaí ann go bhfuil feabhas agus muinín ag teacht ar ais sa mhargadh do phoist sheachtracha agus do thallanna i roinnt earnálacha agus dá bharr sin méadóidh an iomaíocht a bheidh ag fostóirí san earnáil phoiblí maidir le tallann i réimsí áirithe scile m.sh. ról le teicneolaíocht. Tabharfaidh na roghanna agus ionchais na ndaoine atá ag lorg postanna (nua agus ag filleadh) dúshláin maidir lena chinntiú go gcuirtear luach na bpostanna (téarmaí agus coinníollacha) i láthair i gceart lena chinntiú go bhfuil dóthain daoine ar ardchaighdeán ar fáil do phoist dhúshlánacha éagsúla sa tseirbhís phoiblí.</p>
<p>Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí</p>	<p>Tugann clár athchóirithe na seirbhíse poiblí dúshláin agus deiseanna do PAS. Táthar ag súil go mbeidh tionchar mór ag an éascú ar an mhoratóir sa tseirbhís phoiblí, an iarracht a bheith níos solúbtha agus d'athimlonnú, seirbhísí comhroinnte AD a lonnú agus glacadh go ginearálta le bainistíocht ar thallann sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.</p>
<p>Ceisteanna agus Riachtanais maidir le Cliant agus Páirtithe Leasmhara</p>	<p>Tarlaíonn cuid mhaith de ghníomhaíocht PAS faoi rialacháin agus faoi cheadúnas an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Feidhmíonn PAS ar chaighdeán ard agus tá ionad maith aige mar sholáthraí de sheirbhísí earcaíochta comhroinnte do chliant sa státseirbhís. De bharr na bhforbairtí in athchóiriú i rialtas áitiúil le déanaí agus de bharr athchóiriú i bhFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FnaSS), tá deiseanna ag PAS cabhrú le hearcaíocht níos leithne i rialtas áitiúil agus san earnáil sláinte. Tá éileamh ag méadú ó rannóga eile san earnáil phoiblí .i. gníomhaireachtaí tráchtála leath-stáit agus earnáil an oideachas maidir le seirbhísí comhairle agus luacha eile. Is féidir go mbeidh deiseanna ann chun seirbhísí earcaíochta eile a sholáthar sna hearnálacha seo.</p>
<p>Forbairtí maidir le Teicneolaíocht agus na Meáin Shóisialta</p>	<p>Is é an nós coitianta anois seirbhísí ar ardchaighdeán ar líne a sholáthar don phobal. Athrú mór do PAS is ea iad na meáin shóisialta agus teicneolaíochtaí soghluaiste maidir le straitéisí agus cainéil teagmhála nuálaíocha a sholáthar. Díritear freisin ar an chóras ar fad maidir le héifeachtacht ó thaobh costas de, dearadh próisis agus sruth oibre a mhéadú. Tugann sin dúshlán do PAS chun roghanna maidir le próisis earcaíochta agus acmhainní gan pháipéar agus gur féidir a bhaint amach, a sholáthar.</p>
<p>Buntáistí PAS</p>	<p>Tá PAS suite go maith chun seirbhísí earcaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar don réimse mór cliant agus eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí. Tá dea-cháil ar PAS maidir le hearcaíocht agus maidir le hacmhainní a chur ar fáil, chomh maith le hardcháil maidir le sár-eolas, gairmiúlacht, saineolas agus luach a thabhairt mar thacaíocht do sheirbhísí éagsúla a chuireann sé ar fáil. Tá sé beartaithe ag PAS seirbhísí freagrúla agus solúbtha a sholáthar, trí chórais chuí maidir le hacmhainní a chur ar fáil a úsáid lena chinntiú go soláthraítear iad.</p>



Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

Na hiarrthóirí is fearr a sholáthar dár gcliaint do cheapachán;

Sár-réitigh earcaíochta agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar;

An teagmháil agus an comhoibriú le cliaint a mhéadú nuair atá seirbhís den scoth á soláthar dár gcliaint;

Roghanna leictreonacha a úsáid nuair is féidir;

Ár n-eolas agus ár saineolas a léiriú agus a fhógairt.



Ár gCaighdeán agus Conas a Oibrímid

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do:

Cothroime agus Neamhchlaontacht	réitigh acmhainní a sholáthar a aithníonn go bhfuil an deis chéanna ag daoine atá cáilithe, dul san iomaíocht do phoist ina bhfuil na próisis cothrom, trédhearcach agus gan aon chlaontacht nó leithcheal;
Neamhspleáchas	seirbhís earcaíochta atá bunaithe ar chumas, dírithe ar chaighdeán, oibiachtúil, agus gan tionchar;
Luach ar Airgead	a chinntiú go bhfuil ár bpróisis agus ár gcórais éifeachtach agus éifeachtúil, agus go dtugtar seirbhís ina bhfuil luach ar airgead dár gcliaint agus don phobal;
Nuálaíocht agus Feabhsú Leanúnach	na slite ina gcuirimid seirbhís ar fáil a scrúdú agus slite nuálaíocha a lorg maidir le gairmiúlacht ár seirbhísí a sholáthar agus a fheabhsú go leanúnach;
Comhoibriú agus Comhairliú	an fiúntas a bhaineann le rannpháirtíocht bhríoch, comhairliú agus comhoibriú le páirtithe leasmhara a aithint, deiseanna a úsáid chun slite comhoibríocha a chur chun cinn agus a fheabhsú;
Sár-Sheirbhís do Chustaiméirí	Déileáil le n-ár gcliaint, iarrthóirí agus comhghleacaithe le dínit agus meas agus seirbhís ghairmiúil a sholáthar a dhíríonn ar chaighdeán agus luach ar airgead a fheabhsú.

Córas Earcaíochta Seirbhísí Comhroinnte PAS

Ár Spriocanna:


Iarrthóirí ar ardchaighdeán a shainaithint, a mhealladh & a roghnú in am agus ó thaobh costas de.

A bheith mar chéad rogha mar sholáthraí earcaíochta agus foinsithe do sheirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí.

Dearcadh caidrimh le cliaint agus modhanna comhoibre a dhaingniú chun torthaí earcaíochta a fheabhsú.

An úsáid is mó a bhaint as réitigh TE lena n-áirítear earcaíocht leictreonach, in ár bpríomh-chainéil soláthair;

Saineolas atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar don tseirbhís phoiblí.



Ár gCumasóirí

Daoine & Struchtúir

Rialú

Teicneolaíocht & Próisis



Ár Spriocanna	Torthaí	Príomh-Ghníomhaíochtaí
<ul style="list-style-type: none"> › Iarrthóirí ar ardchaighdeán a shainaithint, a mhealladh agus a roghnú in am agus go héifeachtach ó thaobh costas de; 	<ul style="list-style-type: none"> › Daoine cumasacha a roghnú agus a chur ar fáil do chliant sa tseirbhís phoiblí in am agus go héifeachtach ó thaobh costas de; 	<ul style="list-style-type: none"> › 95% de phoist líonta; › 90% de chliant sásta le hiontrálaithe nua; › Comparáid déanta maidir le dul i bhfeidhm sa mhargadh agus aitheantas branda le comhlachtaí a ndirítear orthu; › Comparáid déanta ar 'Costas de réir Ciosa' agus 'Am chuig Cios';
<ul style="list-style-type: none"> › A bheith mar chéad rogha mar sholáthraí earcaíochta agus foinsithe do sheirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí; 	<ul style="list-style-type: none"> › Córas simplí agus éifeachtach d'earcaíocht agus d'fhoinsiú do sheirbhísí comhroinnte, an chuid is mó de riachtanais na gcliant a chomhlíonadh. Feictear na baill foirne agus meastar gur sárearcitheoirí iad; 	<ul style="list-style-type: none"> › Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm do gach feachtas; › Méardacht shoiléir agus measúnú leanúnach ar fheidhmíocht ag gach staid; › Cliant a bheith sásta; › Déileáladh le méadú inbhuanaithe sa ghnó; › Caighdeán gairmiúil earcaíochta in áit do gach ball foirne;
<ul style="list-style-type: none"> › Dearcadh caidrimh le cliant agus modhanna comhoibre a dhaingniú chun torthaí earcaíochta a fheibhsú; 	<ul style="list-style-type: none"> › Pointí teagmhála atá soiléir agus córas tacaíochta i PAS, a chuireann seirbhísí eolasacha, éasca, éifeachtacha ar fáil a chomhlíonann a gcuid riachtanas; 	<ul style="list-style-type: none"> › Cliant sásta agus measúnú ar an tionchar ar chaidreamh le cliain; › Méadú ar ath-mhéadracht gnó agus méadracht nua gnó;
<ul style="list-style-type: none"> › An úsáid is mó a bhaint as réitigh TE lena náirítear earcaíocht leictreonach, in ár bpríomh chainéil soláthair; 	<ul style="list-style-type: none"> › Teagmháil a dhéanamh le grúpaí a dírítear orthu trí ardáin ar líne a sholáthar ó thús go deireadh agus páipéar a úsáid a laghad agus is féidir ag gach staid den phróiseas; 	<ul style="list-style-type: none"> › Aitheantas den bhranda; › 90% de na tástálacha 'ollmhóra' déanta ar líne; › Spriocanna bainte amach maidir le 'boird gan pháipéar' a bhaint amach; › 80% d'iarrthóirí sásta; › Costas níos ísle de réir feachtais;
<ul style="list-style-type: none"> › Saineolas atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar don tseirbhís phoiblí. 	<ul style="list-style-type: none"> › PAS a lonnú mar shaineolaí luachmhar a chuirfidh le fóraim AD / foinsithe idir-rannach agus rannóige. 	<ul style="list-style-type: none"> › Aitheantas seachtrach faoi sheirbhísí ar líne ar ardchaighdeán; › Tuairscí a scríobh go rialta ar ábhair spéise / ábhartha; › Ionadaíocht ar phríomh-ghrásaín / grúpaí.

Cumasóirí

Daoine agus Struchtúir	Rialachas	Teicneolaíocht, próisis agus áiseanna
<ul style="list-style-type: none"> › A chinntiú go bhfuil struchtúir na heagraíochta agus próifíl agus úsáid na mball foirne de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn; › Córais earcaíochta a chur in oiriúint d'éilimh éagsúla na gcliant; › Cur le bunachar eolais atá bunaithe, feabhas leanúnach a chur i bhfeidhm; › Fócas, inniúlachtaí agus scileanna na mball foirne a neartú; › Díriú ar chumarsáid éifeachtach a chothabháil san eagraíocht; › Obair dhúshlánach agus shuimiúil a thabhairt chun gur féidir le baill foirne a gcumas iomlán a úsáid. 	<ul style="list-style-type: none"> › Díriú ar mheasúnú ar fheidhmíocht agus torthaí a thomhas; › Bainistíocht riosca a dheimhniú a thuilleadh sa ghnó; › Leanúint le rialachas dian inmheánach maidir le caiteachas; › Díriú ar luach ar airgead i ngach gníomhaíocht; › Cloí le beartas agus modhanna soláthair; › Ár bpríomh-chaighdeán a dhaingniú agus a neartú; › Próisis éifeachtacha a chinntiú maidir le cosaint sonraí, rúndacht agus taifid a bhainistiú. 	<ul style="list-style-type: none"> › Próisis ghnó a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun straitéisí do sheirbhísí comhroinnte a sholáthar; › Seirbhísí a sholáthar chomh maith agus is féidir trí theicneolaíochtaí den scoth a úsáid; › Díriú ar chumarsáid éifeachtach le cliant agus iarratasóirí; › Straitéis fhorásach do Mhargaíocht agus do Mheáin Shóisialta a chur i bhfeidhm; › Córais chúí agus éagsúla do sholáthar a úsáid; › Feabhas i bhfeidhmíocht a chur chun cinn trí anailísíocht ar shonraí a úsáid; › Áiseanna cuí a chothabháil agus a úsáid chun gnó a sholáthar.



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Public Appointments Service,
Chapter House,
26/30 Upper Abbey Street,
Dublin 1

Lo-Call: 1890-449999
Tel: +353-1-8587400
Email: info@publicjobs.ie
Web: www.publicjobs.ie